Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Eanáir 2021**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2020/0178(NLE)**

**5415/1/21**
**REV 1**

**PECHE 24**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena socraítear deiseanna iascaireachta le haghaidh 2021 maidir le stoic éisc agus grúpaí stoc éisc áirithe is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh<br>- Ráitis |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráitis ó na Ballstáit.

**IARSCRÍBHINN**

**Maidir le limistéir choiscthe i limistéar phlean ilbhliantúil na Meánmhara Thiar (an Fhrainc agus an Spáinn)**

Sa chomhairle eolaíoch ó STECF moltar go nglacfar laghdú suntasach, práinneach iarrachta in 2021 mar aon le bearta breise. Cuirtear chun suntais sa chomhairle eolaíoch freisin nach leor na bearta bainistíochta atá i bhfeidhm cheana féin i limistéar na Meánmhara Thiar chun a áirithiú go ndéanfar na stoic a athshlánú go leibhéil na huastáirgeachta inbhuanaithe faoin 1 Eanáir 2025, an spriocdháta dlíthiúil a chumhdaítear i Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar. Leis an meath earcaíochta i roinnt stoc, ní raibh an baol a bhaineann le cliseadh riamh chomh mór agus atá anois agus bheadh tionchair shocheacnamaíocha uafásacha ann i gcás cliseadh.

Geallann na Ballstáit lena mbaineann go leanfaidh siad de na bearta sna limistéir choiscthe a glacadh cheana féin de bhun Airteagal 11 den phlean ilbhliantúil a chur chun feidhme go héifeachtúil, agus go ndéanfaidh siad an féilire atá beartaithe a leanúint, chun an chosaint is fearr do na héisc óga a áirithiú, i gcomhréir leis an gcomhairle is déanaí ó STECF.

Déantar foráil sa phlean ilbhliantúil go mbainfear amach an laghdú ar bhásmhaireacht iascaireachta, atá riachtanach chun uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach faoin 1 Eanáir 2025, trí bhíthin dhá uirlis - laghdú ar an iarracht iascaireachta agus limistéir choiscthe. Faoi Airteagal 11(3) den Rialachán seo ceanglaítear ar na Ballstáit limistéir choiscthe nua a bhunú faoin 17 Iúil 2021 chun gabhálacha iasc óg agus iasc sceite na stoc uile atá faoi réir an phlean ilbhliantúil a laghdú, bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil.

Aithníonn na Ballstáit lena mbaineann go mbaineann comhairle eolaíoch den sórt sin le tiúchan iasc atá faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe agus le hiasclann agus láithreacha sceite stoc grinnill arna gcumhdach faoi Phlean Ilbhliantúil a bheith ann.

Ina theannta sin, geallann na Ballstáit lena mbaineann go n-áiritheoidh siad, trí choisceadh breise, laghdú suntasach ar ghabhálacha na n-iasc óg agus iasc sceite, i gcomhréir le hAirteagal 11 agus leis an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil.

Ar bhonn rialta, geallann na Ballstáit lena mbaineann go ndéanfaidh siad an measúnú eolaíoch ar chur chun feidhme na limistéar coiscthe a tharchur chuig an gCoimisiún, agus sprioc go mbeidh laghdú idir 15-25 % ar fhoghabháil iasc óg agus iasc sceite á cur san áireamh go háirithe.

Agus tréimhsí coiscthe breise á nglacadh acu, cuirfidh na Ballstáit na moltaí sa chomhairle ó STECF san áireamh agus cuirfidh siad cosc, a mhéid is féidir, ar easáitiú iarrachta thart ar limistéir choiscthe, éascóidh siad cur chun feidhme na limistéar coiscthe buan agus déanfaidh siad iarracht na limistéir chósta, an scairbh ilchríochach agus an fhána uachtair a chosaint, áiteanna ina mbíonn iasclanna agus gnáthóga tábhachtacha lonnaithe do na stoic, faoin bplean ilbhliantúil.

Geallann na Ballstáit lena mbaineann go gcuirfidh siad na sonraí uile atá ar fáil maidir le limistéir choiscthe bhreise faoi bhráid STECF faoi lár mhí Feabhra 2021 ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar thionchar na dtréimhsí coiscthe sin ar na stoic lena mbaineann.

**<u>Maidir le hiascaigh áineasa i limistéar phlean ilbhliantúil na Meánmhara Thiar (an Fhrainc agus an Spáinn)</u>**

I gcás ina léireofar leis an gcomhairle eolaíoch go bhfuil tionchar suntasach ag an iascaireacht áineasa ar bhásmhaireacht iascaireachta na stoc faoi Airteagal 1(2) den phlean ilbhliantúil, ceanglaítear le hAirteagal 8(3) den phlean ilbhliantúil ar na Ballstáit gach beart riachtanach agus comhréireach a dhéanamh, in 2021, chun faireachán agus bailiú sonraí a dhéanamh ar mhaithe le meastachán iontaofa ar na leibhéil iarbhír gabhála áineasa.

Geallann na Ballstáit lena mbaineann go gcuirfidh siad na sonraí uile atá ar fáil maidir le hiascaigh áineasa faoi bhráid STECF faoi lár mhí Feabhra 2021 chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar thionchar na n-iascach sin ar na stoic lena mbaineann.

**Maidir le roghnaíocht trealamh iascaireachta i limistéar phlean ilbhliantúil na Meánmhara Thiar (an Fhrainc agus an Spáinn)**

Sa chomhairle eolaíoch ó STECF moltar nach mór laghdú suntasach, práinneach iarrachta a ghlacadh in 2021 mar aon le bearta breise amhail, mar shampla:

- mogall cearnógach 50mm a ghlacadh le haghaidh iascaigh dhomhain-uisce;
- mogall cearnógach 40mm a ghlacadh agus gliomach na hIorua mar phríomhsprioc;
- mogall 40mm T90 a ghlacadh chun gabhálacha colmóirí beaga agus milléad dearg beag a laghdú.

Ina theannta sin, leanfar den iarracht eolaíoch bhreise chun bearta teicniúla eile a shainaithint a d'fhéadfaí a chur chun feidhme amach anseo.

Chun an chosaint is fearr a thabhairt do na héisc óga agus ionas go mbeidh na stoic a liostaítear sa phlean ilbhliantúil in ann athshlánú, aithníonn na Ballstáit a phráinní atá sé feabhas a chur ar roghnaíocht an trealaimh a úsáidtear chun na stoic seo a iascach.

In Airteagal 7.3.b de Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar, déantar foráil go bhféadfar an laghdú ar an iarracht iascaireachta a fhorlíonadh le bearta ábhartha teicniúla nó bearta eile caomhnaithe arna nglacadh i gcomhréir le dlí an Aontais, chun $F_{msy}$ a bhaint amach faoin 1 Eanáir 2025.

Geallann na Ballstáit lena mbaineann go gcuirfidh siad faoi bhráid an Choimisiúin, faoin 30 Meitheamh 2021, an fhaisnéis uile atá ar fáil maidir leis na bearta chun roghnaíocht trealaimh a chur i bhfeidhm sa réimse a chumhdaítear faoi Airteagal 13 de phlean ilbhliantúil na Mheánmhara Thiar agus faoi Airteagal 19 de Rialachán na Meánmhara.

**Maidir leis an iarracht iascaireachta i gcomhthéacs stoic ghrinnill a bhainistiú sa Mheánmhuir Thiar (an Iodáil)**

Geallann an Iodáil laghdú 10 % ar an iarracht iascaireachta a thabhairt isteach le haghaidh 2021 i gcomparáid leis an mbunlíne i bplean ilbhliantúil na Meánmhara Thiar, a asbhainfear den uasiarracht iascaireachta incheadaithe a socraíodh do 2020 le Rialachán (AE) 2019/2236 ón gComhairle mar a leanas:

Oileán na Corsaice, an Mhuir Liogúrach, Muir Thoirian agus Oileán na Sairdíne (FLGanna 8-9-10-11)

| Stocghrúpa | Fad foriomlán na soithí | IT |
|---|---|---|
| an milléad dearg sna FLGanna 9, 10 agus 11; an colmóir in FLGanna 9-10-11; an rós-séacla domhainmhara in FLGanna 9-10-11; gliomach na hIorua sna FLGanna 9 agus 10. | < 12 m | 2739 |
| | ≥ 12 m agus < 18 m | 41200 |
| | ≥ 18 m agus < 24 m | 27707 |
| | ≥ 24 m | 3698 |

| Stocghrúpa | Fad foriomlán na soithí | IT |
|---|---|---|
| an séacla mór dearg sna FLGanna 9, 10 agus 11. | < 12 m | 453 |
| | ≥ 12 m agus < 18 m | 3342 |
| | ≥ 18 m agus < 24 m | 2691 |
| | ≥ 24 m | 360 |